









# Imleabhar 2A
# Plean Lonnaíochta Chill Chuilinn

Meanma agus Misneach

## Clár Ábhair

1. Comhthéacs....4
1.1 Léargas Ginearálta ar an Lonnaíocht ....5
2. Croístraitéis Chontae Chill Dara a chomhlíonadh....7
2.1 Feidhm, Scála agus Daonra Chill Chuillinn....7
2.2 Daonra Amach Anseo agus Spriocanna Tithíochta ....7
2.3 Ceadanna Pleanála ar Marthain ....9
2.4 Ceanglas i dtaca le Tithíocht Sóisialta ....10
2.5 Dlúsmhéadú a Sholáthar ....11
Figiúr 2.1 - Teorainn Sain-Limistéar Foirgnithe agus Plean Teorann....12
2.6 Cur Chuige Céimnithe i dtaca le Criosú....13
2.7 Táirgeacht Cónaitheach a Thuar....13
3. Cuspóirí Forbartha ....16
V2 2.7.1 Lár an Bhaile ....16
V2 2.7.2 Athnuachan/Ríocht Poiblí ....17
V2 2.7.3 Forbairt Turasóireachta ....18
V2 2.7.4 Bonneagar Oideachais, Sóisialta agus Pobail....19
V2 2.7.5 Cónaithe ....20
V2 2.7.6 Forbairt Eacnamaíoch ....21
V2 2.7.7 Forbairt Miondíola....21
V2 2.7.8 Soláthar Uisce ....22
V2 2.7.9 Fuíolluisce ....22
V2 2.7.11 Rialú Truaillithe agus Seirbhísí Dramhaíl....24

V2 2.7.12 Ailtireachta agus Seandálaíochta ........................................................................................................................24
V2 2.7.13 Oidhreacht Nádúrtha ........................................................................................................................24
V2 2.7.14 Bonneagar ........................................................................................................................25
V2 2.7.15 Gluaiseacht agus Iompar ........................................................................................................................26
**Aguisín A – Léarscáileanna Cuspóirí i dtaca le hÚsáid Talún** ........................................................................................................................30

## 1. Comhthéacs

Baineann an t-ainm Cill Chuillinn le Cill i gceantar ina raibh cuilleann le feiceáil, agus ba phointe trasnaithe tábhachtach d'abhainn na Life é ó ré na Meánaoise é. Forbraíodh an baile a aithnítear go hoifigiúil, a léarscáilíodh agus a taifeadadh mar Dhroichead Chill Chuillinn tar éis 1319, tráth a tógadh droichead thar Abhainn na Life. Fiú go dtí an 18ú haois ba ar bhruach thoir na Life go príomha í an lonnaíocht. Leathnaíodh an baile a thuilleadh go luath sa 19ú haois agus in 1837 comhdhéanadh limistéar oifigiúil an bhaile d'aon phríomhshráid de 112 foirgneamh ar bhruach thiar na Life den chuid is mó. Forbraíodh an baile feadh na sráide i dtreo an droichid ar leathnaíodh ó thuaidh agus ó dheas sa 19ú agus san 20ú haois. Leathnaíodh an baile siar ó lár an bhaile sa chuid deiridh den 20ú haois le forbairt Shuíomh an Mhargaidh ar Bhóthar an Droichid Nua agus Pháirc Ghnó Link ar Bhóthar an Náis lastuaidh den bhaile. Sa lá atá inniu ann, is baile gnóthach agus éagsúil é Cill Chuillinn ina bhfuil meascán de shiopaí, de bhialanna, de chaiféanna, de thithe tábhairne agus d'áiseanna pobail.

Forbraíodh na forbairtí cónaithe is déanaí lastuaidh den bhaile feadh Bhóthar an Náis ag Cairnhill Meadows agus ag an gcéad chéim d'fhorbairt Bhruach na hAbhann in aice láimhe le hAbhainn na Life. Forbraíodh Campas Gnó Chill Chuillinn laisteas de lár an bhaile le deich mbliana anuas agus forbraíodh Páirc Ghnó Link lastuaidh den bhaile.
Is ann do roinnt srianta nádúrtha agus saorga a raibh tionchar acu ar fhorbairt stairiúil an bhaile. Áirítear leo siúd Abhainn na Life ag dul soir ó dheas go siar ó thuaidh den bhaile agus Diméin Chaisleán Mháirtín agus an M9 siar ón bhaile. Taobh thall de na ceantair atá go díreach laistigh de theorainn an bhaile tá Dún Ailinne ó dheas, suíomh dheasghnách ársa ar Chnoc Ailinne, Baile na mBreatnach ar an taobh thoir, Áth Garbháin agus an Currach ar an taobh thiar agus an Nás ó thuaidh. Leis an bplean lonnaíochta seo, agus na spriocanna a dtugtar achoimre orthu ann, tugtar aitheantas don chomhthéacs áitiúil, a thírdhreach comhshaoil agus an topagrafaíocht ina bhfuil an baile lonnaithe.

## 1.1 Léargas Ginearálta ar an Lonnaíocht

| | |
|---|---|
| **Daonra** | 3,815 (Daonáireamh 2022) méadú de 2.83% ó 2016 (3,710) |
| **Stoc Tithíochta** | 1429 teach (1368 in úsáid; 61 folamh – Daonáireamh 2022) |
| **Bonneagar Fisiciúil** | **Uisce** - Cuireann Ionad Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir an Soláthar Uisce i gCill Chuillinn ar fáil. Tá soláthar uisce leordhóthanach ag Cill Chuillinn leis na héilimh atá ann faoi láthair agus an méadú atá beartaithe amach anseo ar feadh shaolré an Phlean seo a chomhlíonadh. |
| | **Fuíolluisce -** Tá Cill Chuillinn nasctha leis an ULVSS (Baile Osbeird WWTP), a bhfuil acmhainneacht leordhóthanach aige chun freastal ar aon mhéadú breise ar feadh shaolré an Phlean seo. |
| **Bonneagar Sóisialta** | **<u>Scoileanna</u>**<br>Cross and Passion College (831 ar an rolla faoi láthair; ar lántoilleadh faoi láthair), Scoil Náisiúnta Bhríde (645 ar an rolla faoi láthair, gar do lántoilleadh). |
| | **<u>Reiligiúnach</u>**<br>C.R. Eaglais an Chroí Ró-Naofa agus Naoimh Bhríd, E.E. Eaglais Naomh Eoin (atá lonnaithe thart ar 1 chiliméadar laisteas de theorainn an bhaile Chill Chuillinn). |
| | **<u>Áiseanna Spóirt / Áiseanna Pobail</u>**<br>Club Leadóige, Club Canú, Cumann CLG, Club Dornálaíochta, Club Sacair, Club Badmantain, Cumann Gasóg, Club Galf Dhá Mhaide, Halla an Bhaile, Ionad an Phobail Camchoille, Leabharlann, Ionad an Pharóiste, KARE, Scoil Montessori, Comhghuaillíocht Chill Dara d'Fhostaíocht faoi Thacaíocht, Ionad Cúraim Leanaí agus Oideachais an Phobail, stiúideo Ióga agus Pilates, Stáisiún Gardaí, Ionad Sláinte, Teach na nDaoine, Clós Súgartha, Ionad Pobail, Páirc Léirmhínitheach Dhún Ailinne. |
| | **<u>Miondíola</u>**<br>Siopaí áise, Ionaid Seirbhísí. |
| | **<u>Eile</u>**<br>Cógaslanna, Gruagairí / Bearbóirí, Siopaí Áilleachta, Siopa Diallatra agus Éadaí Tuaithe, Ionaid Níocháin, Siopa Crua-Earraí, Siopa Leabhair, Tacsaithe, Bialanna Beir Leat ina nDíoltar Bia Te, Seirbhísí Airgeadais, Innealtóirí Comhairleacha agus Seirbhísí Ailtireachta, Aturnaetha, Tithe Tábhairne, Siopaí Eischeadúnais, Bialanna, Miondíoltóirí agus Deisiúcháin Ghluaisteán, Seirbhísí Fiaclóra agus Dochtúra, Caiféanna, Siopa Margaidh, |

| | |
|---|---|
| | Gníomhaireacht Eastáit, Optaiméadraí, Cleachtais Fhisiteiripe, Cleachtóirí Leighis, Deisiúchán Bróga agus Earraí Leathair, Siopaí Carthanachta, Seirbhísí Teicneolaíochta, Búistéir, Geallghlacadóir, Óstán, Margadh Eallaigh. |
| **Tosaíocht Coisithe** | **Rotharbhealaí / Cosáin**<br>Líonra cosáin ar fud na coda is mó den bhaile. Níl ann d'aon chosán lena nasctar forbairt tithíochta Luí na Gréine agus Páirc Ghnó LINK Chill Chuillinn. Níl ann d'aon rotharbhealaí i gCill Chuillinn faoi láthair. |
| **Taisteal Inbhuanaithe** | **Iompar Poiblí**<br>Seirbhís bhus laethúil rialta go dtí Baile Átha Cliath, an Nás, Ceatharlach agus Baile Átha Í (Uimhir sheirbhíse 130/130a/880). Is ann do sheirbhísí bus go Droichead Nua freisin (bealach 129). Níl ann d'aon seirbhís traenach, is í Droichead Nua an stáisiún traenach is cóngaraí, atá thart ar 7.5 gciliméadar ó lár bhaile Chill Chuillinn. |
| **Oidhreacht Nádúrtha** | Tagann Abhainn na Life trí bhaile Chill Chuillinn. Tá Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Bhruach na Life os cionn Áth Garbháin lonnaithe thart ar 2 chiliméadar siar ó thuaidh (pNHA, Cód suímh 001396) ó theorainn an bhaile Chill Chuillinn agus tá Limistéar Oidhreachta Nádúrtha an Churraigh atá beartaithe lonnaithe thart ar 2.5 chiliméadar ar an taobh thiar (pNHA Cód suímh 000392). |
| **Oidhreacht Seandálaíochta** | Liostáiltear 5 earra laistigh de theorainn an bhaile ar Chlár na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna (RMP). Is ann do roinnt RMPanna go díreach lasmuigh de theorainn an bhaile freisin (Féach Léarscáil V2 – 1.1B). Féach Aguisín 5 den CDP le haghaidh an RMP iomlán. |
| **Oidhreacht Tógtha** | Liostáiltear 7 struchtúr laistigh de theorainn an bhaile ar Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) an chontae agus liostáiltear 30 struchtúr san NIAH. Is ann do roinnt struchtúr Cosanta agus NIAH lonnaithe go díreach lasmuigh de theorainn an bhaile freisin (Féach Léarscáil X agus Léarscáil láir an Bhaile). Féach Aguisín 6 den CDP don RPS iomlán le do thoil.<br><br>Tá carachtar uirbeach láidir le feiceáil ar Phríomhshráid Chill Chuillinn ina measctar oidhreacht ailtireachta suntasach ar an NIAH le foirgnimh lena mbaineann suntas áitiúil. Leis an gcarachtar seo a chosaint, sainaithníodh an phríomhshráid mar iarrthóir ar Limistéar Caomhantais Ailtireachta le hainmniú nuair is féidir de réir acmhainní, lena n-áirítear teorainn a shainaithint agus Ráiteas Carachtair. Cuimsítear polasaithe agus cuspóirí i dtaca le hoidhreacht ailtireachta a chosaint in Imleabhar 1, Caibidil 11 den KCDP 2023-2029. |

# 2. Croístraitéis Chontae Chill Dara a chomhlíonadh

## 2.1 Feidhm, Scála agus Daonra Chill Chuillinn

Sainaithníodh Cill Chuillinn mar Bhaile le Plean Forbartha Chontae Chill Dara 2023 – 2029, ar a dhéantar cur síos ina thaobh mar fheidhmeanna seirbhíse agus fostaíochta áitiúla a sholáthar i ndlúthghaireacht le limistéir uirbeacha ardoird. Samhlaítear go leanfaidh an baile leis i dtaca le feabhas a chur ar an soláthar eacnamaíoch trí thionscail ar mhionscála, acmhainní acmhainn nádúrtha traidisiúnta lena n-áirítear bia, fuinneamh agus turasóireacht. De réir Dhaonáireamh 2022, tá daonra de 3,815 duine ag Cill Chuillinn laistigh den Sain-Limistéar CSO (Féach Figiúr 3-1). Ba é daonra an bhaile in 2016 3,710, 3,473 in 2011 agus 2,985 in 2006. Cuireadh moill ar an Daonáireamh de bharr na Paindéime COVID-19 go dtí mí na hAibreáin 2022 áfach, agus ní raibh fáil ar na figiúirí daonra nuashonraithe ag leibhéal na lonnaíochta sular glacadh le Plean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029.

## 2.2 Daonra Amach Anseo agus Spriocanna Tithíochta

Dáiltear 2.5% de sprioc tithíochta agus daonra an chontae ar bhaile Chill Chuillinn le Croístraitéis an Phlean Forbartha Chontae. Mar thoradh air seo, is ann do mhéadú sprice de 629 duine don tréimhse de R1 2023 go R4 2028 le sprioc tithíochta de 229 aonad agus riachtanas i dtaca le talamh criosaithe de 8 heicteár don tréimhse chéanna (Féach Tábla 2-1). Is cuspóir de chuid na Comhairle é faoi gCuspóir CS O1 den Phlean Forbartha Chontae go mbeidh méadú agus forbairt spásúil Chontae Chill Dara amach anseo i gcomhréir leis an leithdháileadh daonra agus tithíochta a gcuimsítear sa Chroístraitéis. Dá bhrí sin, ní mór go gcloíonn Plean an Bhaile le haghaidh Chill Chuillinn leis na spriocanna i dtaca le haonaid tithíochta den phlean ardleibhéal.

**Tábla 2.1 – Tábla na Croístraitéise den Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029**

| Cineál na Lonnaíochta | Ainm na Lonnaíochta | Daonra ó Dhaonáireamh 2016 | Céatadán na lonnaíochta de réir daonra iomlán an Chontae | 2021 Daonra Measta (bunaithe ar % an mhéadaithe ó 2011-2016)9 | Sprioc % Tithíochta agus Daonra | Sprioc Daonra 2023 go 2028 (deireadh R4) (daoine) | Sprioc Tithíochta 2023 go 2028 (deireadh R4) (aonaid) de réir HSTGanna | Riachtanas i dtaca le Talamh Cónaithe Criosaithe (heicteár) | Sprioc i dtaca le Dlús Cónaithe (UPH) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bailte** | **Cill Chuillinn** | 3,710 | 1.70% | 3925 | 2.50% | 629 | 229 | 8 | 35-40 |

*Foinse: Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029*

**Tábla 2.2 - Tábla na Croístraitéise Nuashonraithe de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029**

| Cineál na Lonnaíochta | Ainm na Lonnaíochta | Daonra ó Dhaonáireamh 2016 | Céatadán na lonnaíochta de réir daonra iomlán an Chontae | 2021 Daonra Measta (bunaithe ar % an mhéadaithe ó 2011-2016)9 | Daonra ó Dhaonáireamh 2022 | Céatadán na lonnaíochta de réir daonra iomlán an Chontae | Sprioc % Tithíochta agus Daonra | Sprioc Daonra 2023 go 2028 (deireadh R4) (daoine) | Sprioc Tithíochta 2023 go 2028 (deireadh R4) (aonaid) de réir HSTGanna | Ceanglas i dtaca le Talamh Criosaithe (heicteár) | Sprioc i dtaca le Dlús Cónaithe (UPH) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bailte** | **Cill Chuillinn** | 3,710 | 1.70% | 3925 | 3,815 | 1.53% | 2.50% | 629 | 229 | 8 | 35-40 |

Glacadh leis an bPlean Forbartha Chontae ar an 9 Nollaig 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 28 Eanáir 2023. Is athrú ar an bPlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 é Plean Lonnaíochta Chill Chuillinn agus glacfar isteach in Imleabhar 2 den Phlean sin é.

**Tábla 2.3 - Spriocanna Daonra agus Tithíochta le haghaidh Plean Bhaile Chill Chuillinn 2023-2028**

| Daonra ó Dhaonáireamh 2022[1] | Sprioc daonra 2023 - 2028 | Sprioc tithíochta 2023 – 2028 | Sprioc tithíochta bliantúlaithe deireadh R4 2028 | Sprioc Daonra bliantúlaithe deireadh R4 2028 |
|---|---|---|---|---|
| **3815** | **629** | **229** | **38[2]** | **105[3]** |

## 2.3 Ceadanna Pleanála ar Marthain

An Plean Forbartha: Tá treoirlínte le haghaidh Údaráis Phleanála (2022) follasach maidir leis an gcaoi ar cheart ceadanna pleanála ar marthain (beo) a mheas i gcomhthéacs na Croístraitéise, mar seo a leanas:

| |
|---|
| Is féidir suíomh lena mbaineann cead pleanála **nár cuireadh tús leis go fóill** a áireamh mar a mbeadh cumas comhionann aige is atá ag aon suíomh criosaithe agus seirbhísithe chun críocha na croístraitéise a ríomh. |
| Níor chóir go bhfágfaí suíomh lena mbaineann cead pleanála **ar cuireadh tús leis**, go hiomlán ar lár chun críocha na croístraitéise a ríomh ach amháin má tá sé ionann is tógtha. Ba cheart go ndéanfaí meastachán réasúnta i dtaca le soláthar tithíochta ón chead ar dócha go dtarlódh sé le linn na tréimhse pleanála. Ba cheart go mbeadh leibhéil táirgeachta tithíochta agus rátaí ionsúcháin mhargaidh le déanaí ar bhonn lonnaíochta iomlán mar bhonn eolais de seo, lena ligtear freisin do mhéadú céimnitheach i dtaca le táirgeacht. |

Le linn iniúchta suímh ar Chill Chuillinn i mí Dheireadh Fómhair 2023 ní raibh ann d'aon suíomhanna tógála gníomhach laistigh den bhaile. Fuarthas amach in iniúchadh suímh ar an mbaile ag leanúint de seo i mí Mheán Fómhair 2024 gur cuireadh tús le tógáil ag aon suíomh ag Riverside Manor (tagairt pleanála. 22312861) le déanaí le haghaidh líon iomlán de 101 aonad cónaithe nua. Tá sé tábhachtach go dtugtar faoi deara gur cuireadh tithíochta a chríochnú go dtí deireadh 2021 san áireamh cheana féin i dtaca le hullmhúchán na Croístraitéise i gcomhréir leis an Modheolaíocht i dtaca le Sprioc Soláthair Tithíochta le haghaidh Forbairt Pleanála (2020). Tugtar achoimre ar na ceadanna ar marthain a sholáthrófar le linn na tréimhse 2023-2029 sa Tábla 2-4 seo a leanas.

**Tábla 2-4 Ceadanna Pleanála ar Marthain Suntasacha**

[1] De réir shain-teorainn lonnaíochta an CSO ó Dhaonáireamh 2022.
[2] Méadú bliantúlaithe (229/6 bliana).
[3] Méadú daonra bliantúlaithe 38 aonad *2.75 (ráta áitíochta ar fud an chontae de réir Dhaonáireamh 2022).

| Scéim Chónaithe | Aonaid atá le Seachadadh 2023-2028 |
|---|---|
| **Riverside (Cuireadh tús le céim tithíochta an iarratais, níor cuireadh tús leis an gcoimpléasc go fóill)** | 118 |

## 2.4 Ceanglas i dtaca le Tithíocht Sóisialta

Ullmhaíodh Measúnú Riachtanais i dtaca le hÉileamh Tithíochta (HNDA) in éineacht le Plean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029. Meastar riachtanas agus éileamh tithíochta amach anseo ar fud an chontae leis an HNDA agus ullmhaíodh é i gcomhar leis na Ranna Pleanála agus Tithíochta laistigh de Chomhairle Chontae Chill Dara araon. Bhí an HNDA mar bhonn eolais den Phlean Gníomhaíochta i dtaca le Soláthar Tithíochta ar ullmhaigh an Chomhairle freisin agus ar cuireadh faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta é mar phríomhghníomhaíocht faoi Thithíocht do Chách. Faoin HNDA aithnítear baile Chill Chuillinn mar limistéar chéad rogha le haghaidh 142 iarrthóir ar thithíocht sóisialta / cásanna ar an liosta tithíochta. Ardaíodh an figiúr seo go 195 iarrthóir/cás faoi mhí an Mhárta 2024.

Thángthas chun solais, a bhuí le tuilleadh iniúchta ar an liosta tithíochta sóisialta, go bhfuil 40 iarrthóir / cás astu siúd a bhfuil Cill Chuillinn mar chéad rogha acu ina gcónaí laistigh den bhaile cheana féin agus gurb ionann iad agus éileamh tithíochta ó dhaonra an bhaile atá ann cheana nár comhlíonadh.

Mar a pléadh thuas is ann d'aon chead pleanála amháin ag luathchéimeanna na forbartha le bheith seachadta le haghaidh 2023-2029, lena soláthrófar roinnt aonad tithíochta sóisialta Cuid V as agus lena dtabharfar aghaidh ar chuid den riachtanas i dtaca le tithíocht sóisialta nár comhlíonadh.

**Tábla 2-5 Aonaid Cuid V atá ar na Bacáin**

| Idirnáisiúnta | Aonaid Cuid V |
|---|---|
| **Riverside** | 12 |

Ag féachaint d'Alt 4.4.3 de na Treoirlínte i dtaca le Plean Forbartha le haghaidh Údaráis Áitiúla (2022) meastar go bhfuil gá ann le tuilleadh soláthair thithíochta maidir leis na spriocanna soláthair thithíochta le haghaidh Cill Chuillinn i bhfianaise an éilimh thithíochta sóisialta nár comhlíonadh do Chill Chuillinn. Níor foráladh le haghaidh tuilleadh soláthair ag ardleibhéal an phlean le Croístraitéis an Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029, toisc go ndéantar na príomhlonnaíochtaí i gContae Chill Dara a chriosú ag leibhéal an phlean áitiúil.

**Tábla 2-6 Tuilleadh Soláthair**

| | Aonaid |
|---|---|
| **Méadú Bliantúlaithe 2023-2028** | 229 |

| | |
|---|---|
| **Soláthar Breise de 25%** | 57 |
| **Iomlán** | 286 |


## 2.5 Dlúsmhéadú a Sholáthar

Deirtear sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) go gcuimsítear an-chuid suíomhanna forbartha féideartha, atá lonnaithe go lárnach, agus atá oiriúnach agus cumasach i dtaobh athúsáide. Is tosaíocht í de chuid pholasaí pleanála náisiúnta go gcinntítear go mbaintear úsáid as na suíomhanna seo i gcaoi lena gcinntítear go mbainfear amach daingniú agus dlús éifeachtach ar fud ár gceantair uirbí, seachas na patrúin forbartha stairiúla lena mbaineann sraoilleáil uirbeach. Dá réir sin, faoi chuspóir 3c den NPF ní mór go soláthraítear ar a laghad 30% d'aonaid tithíochta nua laistigh den lorg uirbeach de chuid an bhaile atá ann cheana (Féach 2-1). Is cuspóir é de chuid an Phlean Forbartha Chontae go gcuirtear dlúsmhéadú agus athnuachan bailte agus sráidbhailte chun cinn trí láir bhailte agus láithreáin athfhorbraíochta tearcúsáidte a fhorbairt, lena gcaomhnaítear tacar sonraí bunlíne 'bheo' agus chun faireachán a dhéanamh ar mhéadú daonra a sholáthar ar thailte criosaithe agus seirbhísithe atá ann cheana leis na spriocanna i dtaca le dlúsmhéadú inbhuanaithe de 30% a bhaint amach i gcás na tithíochta nua uile laistigh de na lonnaíochtaí loirg uirbí atá ann cheana (Féach, CS O5).

Chun dlúsmhéadú a sholáthar laistigh de Phlean Bhaile Chill Chuillinn díreofar sciar fhorbairt cónaitheach níos suntasaí ar inlíonadh uirbeach, go háirithe athnuachan agus athbheochan na suíomhanna uirbeacha i lár an bhaile ag (i) Bóthar Dhroichead Nua (Suíomh an Mhargaidh) (6.6 heicteár) (ii) Bóthar Chearnóg an Mhargaidh thuaidh (1.2 heicteár) (iii) Bóthar na Mainistreach Nua (1.9 heicteár) agus (iv) Bóthar an Náis (0.8 heicteár). Féach tábla 3.7 thíos agus an léarscáil Chriosaithe Úsáide Talún.

Dá bhrí sin, i bhfianaise thábhacht na suíomhanna seo le haghaidh dlúsmhéadú inbhuanaithe a sholáthar sainaithníodh dhá cheann de na suíomhanna thuas leis an bPlean mar Shuíomhanna Deise, féach an léarscáil chriosaithe úsáide talún.

Figiúr 2.1 - Teorainn Sain-Limistéar Foirgnithe agus Plean Teorann



## 2.6 Cur Chuige Céimnithe i dtaca le Criosú

Ceanglaítear le hAguisín 3 den Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) ar phleananna i dtaca le húsáid talún go nglactar le Cur Chuige Céimnithe i dtaca le Criosú (TAZ). Soláthraítear sonraí le Treoirlínte an Phlean Forbartha (2022) ar mhodheolaíocht i taca le hIniúchadh ar Acmhainneacht Lonnaíochta (SCA) atá de réir Aguisín 3 den NPF lena dtugtar achoimre ar an mbonn fianaise le haghaidh cur chuige dhá chéim maidir le criosú talún. Tá an talamh atá criosaithe chun críocha cónaithe agus fostaíochta i bPlean Bhaile Chill Chuillinn bunaithe ar an tuiscint go bhfuil fáil ar sheirbhísí cuí chun forbairt a éascú laistigh den tréimhse Pleanála. Faoi Threoirlínte an Phlean Forbartha (2022) ní féidir tailte nach féidir iad a sheirbhísiú le linn shaolré an Phlean a chriosú le haghaidh forbairt.

## 2.7 Táirgeacht Cónaitheach a Thuar

Leis an soiléireacht agus an trédhearcacht atá ag teastáil a sholáthar ar mhaithe le soláthar éifeachtach dlúsmhéadaithe a chinntiú, i gcomhréir le Cuspóirí an Pholasaí Réigiúnach 3.1, 3.2 agus 9.8, is gá an táirgeacht cónaithe féideartha i dtaca leis an talamh cónaithe criosaithe uile a mheas, lena n-áirítear talamh atá criosaithe le haghaidh meascán d'úsáid cónaithe agus úsáidí eile. Cinnteofar leis seo go mbeidh an soláthar sin ag teacht le méid an talún atá de dhíth chun freastal ar spriocanna soláthair tithíochta agus chun comhréireacht a chinntiú leis an gCroístraitéis den Phlean Forbartha Chontae. Tacaíonn Treoirlínte an Phlean Forbartha (2022) leis seo, ina ndeirtear go bhfuil gá ann le tuairimí leithne maidir leis an táirgeacht cónaithe a sholáthrófar ar shuíomhanna aonair shuntasacha, mar aon le meastacháin ar mhéadú tithíochta inlíonta ar scála níos lú, sa chaoi is gur féidir teacht ar mheastachán láidir i dtaca leis an gcumas forbartha foriomlán.

Is ann d'aon suíomh i gCill Chuillinn lena mbaineann cead pleanála gníomhach le haghaidh forbairt cónaithe atá le cur i gcrích agus le seachadadh le linn shaolré an Phlean. Bhí an cead pleanála ábhartha ar an suíomh lena mbaineann na ceadanna ar marthain (beo) mar bhonn eolais de Thábla 2-7.

**Tábla 2-7 Iniúchadh i dtaca le Cumas Forbartha Cónaithe**

| Tagairt Suímh. | Ionad | Achar an tSuímh (Heicteár) | Suíomh i gceantar foirgnithe (Teorainn CSO) | Táirgeacht Cónaithe | Dlús Glan |
|---|---|---|---|---|---|
| Neamhbhainteach | Suíomhanna | – | Tá | 14[4] | 35-40 |

[4] Dáileadh de 5% de na haonaid a dáileadh le haghaidh Cill Chuillinn le haghaidh suíomhanna éagsúla laistigh de Lár an Bhaile agus tailte Cónaithe / Inlíonta atá ann cheana criosaithe úsáide talún ó fhorbairt inlíonta. Áirítear leis seo an farasbarr breise (25%) figiúr iomlán de 286 tábla 3.6 (soláthar breise).

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Inlíonta laistigh de Cheantar Foirgnithe CSO | | | | |
| C (1) | *Riverside | 2.49 | Tá | **92** (Is lár Baile criosaithe í cuid den suíomh a cheadaítear faoi 22312861 (Tagairt suímh A1). 9 nAonad curtha i gcrích faoi láthair | 40* |
| C (2) | Bóthar Bhaile an Loig thuaidh | 1.52 | Tá | 53 | 35-40 |
| C (3) | Bóthar Chearnóg an Mhargaidh theas | 2.14 | Tá | 86 | 35-40 |
| C (4) | Bóthar Bhaile an Loig theas | 1.91 | Níl | 67 | 35-40 |
| C (5) | Droichead Chill Chuillinn | 3.94 | Tá | 138 | 35-40 |
| | **Iomlán** | **12** | | **436** | |
| | | | | | |
| A (1) | *Riverside | 0.23 | Tá | 17 (ceadaíodh an suíomh seo faoi 22312861 agus is lár an Bhaile criosaithe é) | 78* |
| A (2) | Bóthar Dhroichead Nua (Suíomh an Mhargaidh) | 6.6 | Tá (2.18 heicteár laistigh de CSO BUA) | 231 | 35-40 |
| A (3) | Bóthar Chearnóg an | 1.2 | Tá | 42 | 35-40 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Mhargaidh thuaidh | | | | |
| A (4) | Bóthar na Mainistreach Nua | 1.9 | I bpáirt (tá an chuid is mó de lasmuigh den CSO) BUA) | 66 | 35-40 |
| A (5) | Bóthar an Náis | 0.8 | Tá | 28 | 35-40 |
| | **Iomlán** | **10.73** | | **384** | |
| | **Foriomlán** | | | **820** | |

*** Forbair a Ceadaítear.**

**Nótaí:**

Táirgeacht BUA - Faoi chuspóir 3c den NPF ní mór go soláthraítear ar a laghad 30% d'fhorbairtí tithíochta nua laistigh de lorg uirbeach an bhaile atá ann cheana. Is é an táirgeacht iomlán chun 30% a chlúdach 86 aonad. Tugtar le fios le tábla 2.7 thuas go bhfuil ann d'acmhainneacht leordhóthanach leis an líon aonad atá ag teastáil a sholáthar ó shuíomhanna atá leagtha amach agus ó thalamh criosaithe a bhfuil fáil orthu.

## 3. Cuspóirí Forbartha

Glacfar Plean Lonnaíochta Chill Chuillinn isteach sa chreat a leagtar amach in Imleabhar. 2 den Phlean Forbartha Chontae, tá sé mar aidhm ag an bplean seo go gcinntítear go ndéanfar an baile a fhorbairt mar cheantar bisiúil ar mian le daoine cuir fúthu ann chomh maith le feidhm eacnamaíoch agus sóisialta a bheith aige dá phobal. Tá sé mar aidhm ag na spriocanna seo a leanas tacú le méadú inbhuanaithe an bhaile, tacú le deiseanna eacnamaíocha cuí agus tógáil ar charachtar uathúil an bhaile agus a acmhainní nádúrtha. Cuimsítear léarscáileanna úsáide talún lena mbaineann in Aguisín A;

### V2 2.7.1 Lár an Bhaile

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST KL1** Go gcinntítear go gcuireann forbairt nua le foirm agus scála na bhfoirgneamh níos sine/traidisiúnta atá ann cheana sa bhaile.

**ST KL2** Forbairt laistigh de lár an bhaile a spreagadh agus a chur chun cinn, a mbeidh d'ardchaighdeán ailtireachta, agus a mbeidh de dhearadh ailtireachta comhaimseartha sa chás is iomchuí, a mbeidh meascán d'úsáidí aici, agus a sholáthraíonn ríocht poiblí d'ardchaighdeán.

**ST KL3** Bonneagar i dtaca le Taisteal Gníomhach a chur chun cinn agus machnamh a dhéanamh ar pháirceáil ar an sráid a bhaint den dá thaobh den Phríomhshráid sa chás inar féidir teacht ar pháirceáil mhalartach oiriúnach agus cuí.

**ST KL4** Athshlánú, athchóiriú, agus athúsáid na bhfoirgneamh folamh, tréigthe, agus tearcúsáidte i lár an bhaile a spreagadh go gníomhach.

**ST KL5** Soláthar siopaí agus seirbhísí a spreagadh go gníomhach ar mhaithe le ról Chill Chuillinn a dhaingniú agus a neartú i dtaca le riachtanais a dhaonra agus an ceantar máguaird a chomhlíonadh.

**ST KL6** Spreagadh a thabhairt d'úinéirí agus d'fhorbróirí i lár an bhaile i dtaca le “cónaí ós cionn an tsiopa” a sholáthar mar bhealach chun úsáid níos inbhuanaithe den stoc tithíochta atá ann cheana a chur chun cinn agus chun láithreacht cónaithe gníomhach a

choimeád sa bhaile ag an am céanna.

**ST KL7** Brú tráchta laistigh de lár an bhaile a mhaolú trí feabhas a chur ar thréscaoilteacht.

- Acomhal an R448 agus an R415 a nuashonrú agus a fheabhsú trí úsáid a bhaint as córas bainistíochta tráchta oiriúnaitheach, lena gcuirfí gluaiseacht shábháilte ar fáil do choisithe agus d'Úsáideoirí Bóithre Leochaileacha (VRUanna).

**ST KL8** An Phríomhshráid a neartú trí spreagadh a thabhairt do réimse éagsúil siopaí agus gnólachtaí i dtaca le feabhas a chur ar an mbeocht a bhaineann le lár an bhaile.

**ST KL9** Feabhas a chur ar shráid-dreach an bhaile trí:

- Dearadh aghaidhe siopa d'ardchaighdeán a chur chun cinn agus a spreagadh.
- Spreagadh a thabhairt i dtaca le haghaidheanna siopa traidisiúnta a choimeád, a dheisiú go cúramach, agus a athúsáid.
- Tranglam infheicthe a laghdú trí chomharthaíocht de dhroch-chaighdeán a bhaint agus cosc a chur ar tuilleadh a thabhairt isteach.

**ST KL10** Iarracht a dhéanamh srian a chur le líon na n-aghaidheanna neamh-ghníomhacha ar an bPríomhshráid.

### V2 2.7.2 Athnuachan/Ríocht Poiblí

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST KL11** Feabhas a chur ar chaighdeán Phríomhshráid Chill Chuillinn, nuair is indéanta agus is inféideartha, le pábháil nua, crainn lánaibí, soilse sráide, suíocháin d'ardchaighdeán, troscán sráide agus páirceáil ar an sráid a laghdú chun aitheantas a thabhairt do thábhacht an cheantair seo mar chroílár an bhaile. (féach léarscáil Láir an Bhaile).

**ST KL12** Leas a bhaint as foinsí náisiúnta ábhartha nó foinsí ábhartha eile chun tacú le tionscadail/tograí a fhorbairt lena gcuirfear feabhas ar an ríocht poiblí agus ar spásanna sibhialta laistigh den bhaile.

**ST KL13** Feabhas a chur ar phointí iontrála an bhaile ag suíomhanna an Gheata (Féach Léarscáil) chun féiniúlacht Chill Chuillinn a neartú agus chun feabhas a chur ar an gcéad radharc ar an mbaile.

**ST KL14** Iniúchadh a dhéanamh ar shuíomhanna tréigthe nó folamh agus spreagadh agus tús áite a thabhairt d'athúsáid a bhaint

as talamh agus foirgnimh tréigthe agus iad a athnuachan. Bainfidh an Chomhairle úsáid as a cumhachtaí, i gcás inar iomchuí, chun machnamh a dhéanamh ar shuíomhanna dá leithéid a chur le Clár na Suíomhanna Tréigthe.

**ST KL15** (i) Go n-éilítear go gcomhdhéantar aon iarratais phleanála i dtaca le forbairt an tsuímh Deise (Féach OP1 ar Léarscáil LUZ agus Léarscáil Láir an Bhaile) ag suíomh an Mhargaidh atá ann cheana agus na tailte in aice láimhe ar Bhóthar Dhroichead Nua de thograí lena gcuimsítear séadchomhartha úsáide measctha / forbairt mhiondíola lena gcruthaítear éadanas láidir ag an suíomh seo i lár an bhaile.
(ii) Beidh an suíomh suntasach seo i lár an bhaile ag brath ar mháistirphlean agus ar shocrúchán céimnithe a n-ullmhóidh an úinéir talún/na húinéirí talún agus a n-aontófar i scríbhinn le Rannóg Pleanála Chomhairle Contae Chill Dara.
(iii) Tabharfar aird don Ghlasbhealach a sainaithníodh laistigh de Léarscáil na gcuspóirí Gluaiseachta le haon forbairt bheartaithe laistigh den Suíomh Deise.

**ST KL16** (i) Go n-éilítear go gcuimsítear forbairt shéadchomhartha úsáide measctha le haon iarratas pleanála ag an suíomh Deise (Féach OP2 ar Léarscáil LUZ agus Léarscáil Láir an Bhaile) lena ndaingnítear an suíomh seo i lár an bhaile rud a chruthófar láithreacht láidir ag an suíomh inlíonta seo.
(ii) Beidh an suíomh suntasach seo i lár an bhaile ag brath ar mháistirphlean agus ar shocrúchán céimnithe a n-ullmhóidh an úinéir talún/na húinéirí talún agus a n-aontófar i scríbhinn le Rannóg Pleanála Chomhairle Contae Chill Dara.

### V2 2.7.3 Forbairt Turasóireachta

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST KL17** An tairbhe is mó a bhaint as cumas Abhann na Life le haghaidh turasóireacht agus fóillíocht trí feabhas a chur ar rochtain phoiblí ar an abhainn, lena n-áirítear páirc líneach a sholáthar (i gcomhar leis na húdaráis áitiúla ábhartha) agus faoi réir mheasúnuithe timpeallachta iomchuí.

**ST KL18** (i) Feabhas a chur ar an gcaoi ina gcuirtear Cill Chuillinn chun cinn mar áit turasóireachta agus ar an margaíocht a dhéantar air (go háirithe ar thaitneamhachtaí amhail Dún Ailinne / Feirm Chamchoille / Abhainn na Life) agus a gharchóngaracht leis an gCurrach.
(ii) Iniúchadh a dhéanamh ar an indéantacht a bhaineann le glasbhealach / rotharbhealach a fhorbairt lena nasctar brainse an Chorrbhaile den Chanáil Mhór agus taitneamhachtaí turasóireachta eile amhail Dún Ailinne agus an Currach.

(iii) Iniúchadh a dhéanamh ar an indéantacht a bhaineann le Chonair Chapall Folaíochta, lena nasctar Cill Chuillinn le háiseanna eachaíochta sa cheantar thart air.

**ST KL19** tacú le branda leanúnach a thabhairt isteach don bhaile ag pointí iontrála an bhaile i bhfoirm chomharthaíocht d'ardchaighdeán, chun féiniúlacht Chill Chuillinn mar áit turasóireachta a neartú.

### V2 2.7.4 Bonneagar Oideachais, Sóisialta agus Pobail

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST K20** Bruach Abhann na Life a fhorbairt go cúramach leis na forais reachtúla agus neamhreachtúla ábhartha uile lena gcuimseofar na nithe seo a leanas:

(i) Páirc líneach.
(ii) Suíocháin fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta d'ardchaighdeán.
(iii) Iniúchadh a dhéanamh ar bhealach rothaithe agus coisithe d'ardchaighdeán a sholáthar feadh bhruach na habhann.
(iv) Meascán de speicis crainn lánaibí agus leathaibí a chaomhnú agus a phlandú feadh fad iomlán na páirce líní, ar bhonn fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta; agus
(v) Sa chás ina mholtar soilsiú feadh chonair na habhann, ba cheart go gcuirfeadh speisialtóirí Measúnú Tionchair Éiceolaíochta (agus Measúnú Cuí nuair is gá) i gcrích lena n-áirítear iniúchtaí sciatháin leathair agus madraí uisce agus ba ceart go gcuirfí moltaí na speisialtóirí i bhfeidhm i gcás inarb iomchuí. Déanfar é seo i gcomhairle le NPWS agus i gcomhréir le dul chun cinn maidir le heolas ar an tionchar a bhíonn ag soilsiú ar sciatháin leathair agus ar speicis eile agus chun dul chun cinn maidir le teicneolaíocht a léiriú i dtionscal an tsoilsithe.

**ST KL21** Comhoibriú i dtaca le seirbhísí pobail a sholáthar agus an soláthar seo a éascú, lena n-áirítear seirbhísí áitiúla, áiseanna óige, spóirt, scoileanna, naíolanna agus áiseanna oideachais agus cúraim leanaí eile i gcomhar agus i gcóngar leis an bhforbairt cónaithe uile atá ann cheana.

**ST KL22** Soláthar páirce BMX agus Scátála a éascú in aice leis na páirceanna CLG atá ann cheana (féach an Léarscáil faoi iamh, le do thoil).

**ST KL23** Feabhas agus leathnú áiseanna Dochtúra Teaghlaigh, ionad sláinte, clinicí áitiúla, seirbhís Gardaí, áiseanna leabharlainne

agus áiseanna spórt i gCill Chuillinn a éascú.

**ST KL24** Spreagadh a thabhairt d'áiseanna fóillíochta / conláiste / pobail i gCill Chuillinn le bheith ilfheidhmeach, le rochtain iomlán orthu, agus le nach mbaintear aon ghrúpa amháin úsáid astu.

**ST KL25** Iniúchadh a dhéanamh ar an indéantacht a bhaineann le droichid choisithe a thógáil thar na Life ag an gclub canú agus lastuaidh de dhroichead Chill Chuillinn (féach Léarscáil Gluaiseachta) faoi réir mheasúnuithe comhshaoil iomchuí.

**ST KL26** Tacú le Feirm an Phobail, caifé agus siopa Chamchoille mar thaitneamhacht suntasach sa bhaile.

**ST KL27** Feabhas agus leathnú ar áiseanna oideachais, spórt, fóillíochta agus cultúrtha a éascú le haghaidh Bunscoil Naomh Bríd agus Meánscoil Cross and Passion College.

**ST KL28** Áis súgartha do dhéagóirí a éascú ar thailte a ndearnadh criosú iomchuí orthu sa bhaile, faoi réir mhaoiniú.

### V2 2.7.5 Cónaithe

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST KL29** Go n-éilítear go gcuirtear ráiteas dearaidh isteach le haghaidh aon scéim do 20 aonad nó níos mó sa chás ina mheasann an údarás pleanála go bhfuil gá lena leithéid. Ba cheart go gcuirfí in iúl go soiléir sa ráiteas pleanála an chaoi lena mbaineann an togra leis an suíomh agus a chomhthéacs. Ní mór go dtugtar aghaidh ar na nithe seo a leanas i ráiteas deartha:

(i) Cuirfidh an fhorbairt nua le dlúth-lonnaíocht a chur le chéile agus í deartha le himeascadh go rathúil leis an lonnaíocht atá ann cheana.
(ii) Ní mór naisc le lár an bhaile, iompar poiblí agus áiseanna eile a chur ar fáil.
(iii) Ní mór go gcuirtear in iúl go neartaíonn an fhorbairt lár an bhaile atá ann cheanna.
(iv) Ní mór go dtugtar aitheantas do thuairimí an phobail isteach agus amach ón scéim agus go neartaítear iad trí aon scéim forbartha.
(v) Ní mór go mbeidh freagairt don charachtar áitiúil ach ní gá go ndéantar aithris ar fhoirmeacha agus ar shonraí in aice láimhe. Áirítear leis seo go ndéantar tagairt do ghnéithe na háite a thugann carachtar agus braistint áite di amhail mianach uirbeach, an

croí stairiúil, foirgnimh lena mbaineann fiúntas ailtireachta agus gnéithe áitiúla (e.g. comhábhair áitiúla, línte foirgnimh, ard na bhfoirgneamh, aibhneacha, srutháin, crainn / fáil sceach agus gnéithe tógtha/tírdhreacha eile);
(vi) Ba cheart go ndéanfaí nóta d'fhoirgnimh, gnéithe tírghné agus éiceolaíochta atá ann cheana ar líníochtaí.
(vii) Ní mór go leagtar amach go soiléir tograí chun cur leis an líonra spáis oscailte foriomlán den lonnaíocht.
(viii) Ní mór go mbeidh léiriú d'ailtireacht agus dearadh comhaimseartha agus nuálaíoch lena gcinntítear go gcruthaítear braistint áite ar leith; agus
(ix) Ní mór go gcuirtear in iúl leis na líníochtaí agus an ráiteas cén fáth ar thángthas ar réiteach dearaidh áirithe le haghaidh suíomh áirithe agus cén chaoi a dtéann an dearadh i gleic leis an éiceolaíocht, an topagrafaíocht agus na gnéithe (idir nádúrtha agus saorga araon) atá ann cheana ar an suíomh agus in aice láimhe.

**ST KL30** Tacú le tithíocht atá báúil le haois a fhorbairt i gCill Chuillinn, go háirithe ar thailte atá lonnaithe i lár an bhaile nó in aice láimhe, faoi réir cheisteanna iomchuí i dtaca le suíomh agus dearadh. Ní mór go dtugann tograí aitheantas don mhúnla agus soláthar dea-chleachtais i dtaca le seirbhísí dá leithéid do dhaoine scothaosta ag Plás Nic Amhlaí, Nás.

### V2 2.7.6 Forbairt Eacnamaíoch

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST KL31** Cill Chuillinn a chur chun cinn mar ionad fostaíochta áitiúil inar féidir infheistíocht a dhíriú ar thuilleadh deiseanna fostaíochta a chruthú lena gcoinnítear an baile agus an ceantar máguaird ag gabháil.

**ST KL32** Freastal ar mheascán úsáidí fostaíochta comhoiriúnacha laistigh de lár an bhaile.

**ST KL33** Páirc Ghnó Link (tailte Q) ar Bhóthar an Náis agus Campas Gnó Chill Chuillinn (H) laisteas de lár an bhaile a chur chun cinn mar shuíomhanna oiriúnacha chun úsáidí fostaíochta a fhorbairt a mbeidh iomchuí lena gcriosú úsáide talún.

### V2 2.7.7 Forbairt Miondíola

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST KL34** Forbairt leanúnach ar eispéireas oidhreachta, miondíola agus turasóireachta cónasctha agus uathúil a spreagadh agus a

éascú laistigh den bhaile agus naisc láidre a spreagadh idir na taitneamhachtaí seo.

**ST KL35** Oibriú leis na páirtithe leasmhara uile i dtaca le hacmhainn an bhailedhreach agus an tsuímh ata ag Cill Chuillinn ar abhainn na Life.

### V2 2.7.8 Soláthar Uisce

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST KL36** Go gcinntítear go mbaineann gach forbairt nua i gCill Chuillinn úsáid as bonneagar uisce atá ann cheana agus go nascann siad leis.

### V2 2.7.9 Fuíolluisce

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST KL37** An t-athrú ó dhabhcha shéarachais go líonraí bailiúcháin a chinntiú i ngach cás inar féidir (faoi réir chomhaontuithe nasctha le hUisce Éireann) agus a chinntiú go mbaineann gach forbairt nua úsáid as an mbonneagar fuíolluisce poiblí agus go nascann siad leis. Cuirfear i gcoinne dhabhcha shéarachais agus ionaid chóireála aonair a sholáthar i gceantar Chill Chuillinn go láidir ar mhaithe leis an riosca truaillithe screamhuisce a laghdú. Sa chás ina gceadaítear áiseanna dá leithéid, comhlíonadh iomlán le gnáthrialacháin agus gnáthchaighdeáin, lena n-áirítear Cód Cleachtais an EPA; Beidh gá le Córais Chóireála agus Diúscartha Fuíolluisce lena bhFreastalaítear ar Thithe Aonair (P.E < 10), (EPA, 2009), arna leasú.

**ST KL38** Ceadanna slí na séarach poiblí a choimeád saor ó fhorbairt.

**ST KL39** Insíothlú uisce dromchla isteach go dtí an gcóras bréan séarachais a laghdú.

**ST KL40** Iniúchadh a dhéanamh ar an indéantacht a bhaineann le príomhphíobán fuíoll uisce aníos a thógáil ó Chill Chuillinn go Droichead Nua.

**ST KL41** Leanúint ar aghaidh ag obair le hUisce Éireann agus ag tacú le bonneagar nua a sholáthar nó é a nuashonrú de réir mar is gá.

### V2 2.7.10 Draenáil Uisce Dromchla agus Maolú Tuilte

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST KL42** Polasaithe agus cuspóirí ón 'Doiciméad Treorach i dtaca le Córais Draenála Uirbeach Inbhuanaithe' a glacadh le déanaí a chur i bhfeidhm do Chontae Chill Dara.

**ST KL43** Measúnú Riosca Tuilte suíomhshonrach a éileamh le haghaidh tograí forbartha i dtailte a shainaithnítear sa Mheasúnú Riosca Tuilte Straitéiseach (féach Léarscáil Riosca Tuilte), ar leibhéal mionsonraí iomchuí, lena dtugtar aghaidh ar na foinsí féideartha riosca tuilte uile, lena gcuirtear comhlíonadh na dTreoirlínte Bainistíochta Riosca Tuilte (2009) in iúl nó aon leagan nuashonraithe de na treoirlínte seo, ag tabhairt aird ar leith d'aon riosca tuilte atá ar eolas a sheachaint, forbairt i dtuilemhánna a sheachaint, rioscaí tuilte iarmharacha agus aon bhearta bainistíochta tuilte suíomh sonrach atá beartaithe.

**ST KL44** Ní chuirfear réitigh coimeádta faoi thalamh san áireamh ach amháin nuair atá gach rogha eile ídithe agus ar cuireadh sé seo in iúl. Ní ghlacfar le dabhcha agus córais stórála faoi thalamh nuair is spás poiblí atá i gceist, mar chuid de réiteach SuDS.

**ST KL45** Go n-éilítear go gcuirtear polasaithe agus cuspóirí de chuid Léarscáilíocht Gnáthóga agus Bonneagair Ghlas (féach Léarscáil an Bhonneagair Ghlas) san áireamh.

**ST KL46** Iniúchadh faoi choinníoll a chur i gcrích ar na tóchair uisce dromchla i gCill Chuillinn lena staid reatha a mheas.

**ST KL47** Na polasaithe, cuspóirí agus gníomhaíochtaí ginearálta a chuimsítear i gCaibidil 6 (Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara (nó arna leasú) a chur i bhfeidhm le cinntiú go bhfuil bainistíocht phriacail tuilte imeasctha go hiomlán i bPlean Bhaile Chill Chuillinn agus i dtograí forbartha amach anseo sa bhaile.

**ST KL48** Go gcinntítear go gcomhlíonann forbairt feadh shruthchúrsaí uirbeacha an Treoir 'Pleanáil le haghaidh Sruthchúrsaí sa Timpeallacht Uirbeach' (2020), de chuid Iascach Intíre Éireann, lena n-áirítear crios bruachánach de 35 méadar ar a laghad le haghaidh cainéil abhann níos mó ná 10 méadar ar leithead, agus 20 méadar le haghaidh cainéil abhann níos lú ná 10 méadar ar leithead. Ní chuirfear forbairt sa chrios seo san áireamh ach amháin i gcás forbairtí comhoiriúnacha i dtaobh uisce.

### V2 2.7.11 Rialú Truaillithe agus Seirbhísí Dramhaíl

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST KL49** Go n-éilítear go soláthraítear boscaí bruscair ar an láthair nó in aice láimhe i gcás gach áis comharsanachta i gCill Chuillinn.

### V2 2.7.12 Ailtireachta agus Seandálaíochta

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST KL50** Go gcinntítear go gcosnófar radhairc go / ón Droichead thar Abhainn na Life (Féach Léarscáileanna Oidhreachta agus Láir an Bhaile).

**ST KL51** Cuir i gcoinne struchtúir dúchasacha a leagan lena mbaineann fiúntas ailtireachta, stairiúla, cultúrtha, agus aeistéitiúla, a mbíonn ionchur dearfach acu le carachtar, cuma agus caighdeán an tsráid-dreacha áitiúil agus forbairt inbhuanaithe Chill Chuillinn.

**ST KL52** Iniúchadh a dhéanamh ar Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) a ainmniú ar mhaithe le croí stairiúil uirbeach Chill Chuillinn a chosaint agus chun cur i gcoinne foirgnimh shuntasacha, a sainaithníodh tríd an NIAH roimh aon ainmniúchán ón ACA, a leagan agus chun feabhas a chur orthu.

### V2 2.7.13 Oidhreacht Nádúrtha

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST KL53** Cosaint a thabhairt do na crainn / grúpaí crann seo a leanas (Féach Léarscáil Oidhreachta)

(i) Spás oscailte i bPáirc Mhóin Bhán.
(ii) Feadh Bhóthar an Náis ó theorainn an bhaile go lár an bhaile.
(iii) Feadh na slí isteach go Páirc Bishop Rogan.

(iv) Laistigh de thailte theach na Leirge lena n-áirítear an paiste glas ós comhair Theach na Leirge.
(v) Sa chrios bruachánach feadh abhann na Life laistigh d theorainn an bhaile.
(vi) I dtailte Cross and Passion College

- Feadh Bhóthar Radharc an Chlochair.
- Feadh Bhóthar Dhroichead Nua.

(vii) I dtailte Theach an Pharóiste agus na hEaglaise Caitliceach.
(viii) I dtailte Ionad Pobail Chill Chuillinn agus feadh ascaill na slí isteach.
(ix) I dtailte Bhunscoil Naomh Bríd.
(x) Ó dhroichead an mhótarbhealaigh i dtreo an bhaile go Céide Avondale.
(xi) Gach crann lánaibí laistigh d'fhorbairtí cónaitheacha.

**ST KL54** Go ginearálta, cosc a chur ar fhorbairt sa chás gur dócha go mbeadh dochar do na crainn thuas mar thoradh uirthi nó dóibh siúd a bhfuil luach taitneamhachta áitiúil nó caomhnaithe nádúir ag baint leo. Cuirfear i gcoinne fhorbairt a bhfuil crainn lánaibí a bhfuil luach taitneamhachta, caomhnaithe nó spéis ar leith ag baint leo a leagan riachtanach ina leith ina ainneoin go bhféadfaí nach liostálfaí iad sa phlean seo.

**ST KL55** Go n-éilítear go gcuireann gach forbairt nua le acmhainní bonneagair ghlais atá ann cheana a chosaint agus feabhas a chur orthu, mar a shainaithníodh i Léarscáil (Bonneagar Glais), trí chosaint a thabhairt do bhonneagar glas atá ann cheana agus trí bhonneagar glas nua a sholáthar mar chuid d'aon iarratas pleanála.
**ST KL56** Soláthar nasc a lorg idir paistí níos mó de bhonneagar glas (go háirithe paistí spás oscailte poiblí) sa chás inarb iomchuí.

**ST KL57** Go gcinntítear go gcaomhnófar príomh-bhonneagar glas mar a shainaithnítear ar Léarscáil (Bonneagar Glais), agus na naisc a chuirtear ar fáil leo le paistí níos mó de bhonneagar glas agus an tuath níos leithne, i ndearadh forbairtí nua, sa chás inarb iomchuí.

**ST KL58** Oibriú leis an ngrúpa bithéagsúlachta áitiúil/na grúpaí bithéagsúlachta áitiúla chun na príomhphaistí de bhonneagar mar a shainaithnítear iad i bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil Chill Chuilinn 2021 - 2025 nó aon phlean a thagann i gcomharba air, a chosaint agus a chaomhnú.

### V2 2.7.14 Bonneagar

**ST KL59** Is cuspóir de chuid na comhairle é go dtéitear i gcomhairle leis an ESB chun iniúchadh a dhéanamh ar dhuchtáil agus ar

sheoladh faoi thalamh línte cumhachta lasnairde i lár an bhaile Chill Chuillinn agus a spreagadh nuair is féidir in éineacht le cláir oibre eile, amhail athdhromchlú bóithre agus oibreacha tógála cosán.

**ST KL60** Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do Ghrúpa Gníomhaíochta Pobail Chill Chuillinn agus comhoibriú leo i dtaca le máistirphlean fuinnimh a ullmhú don phobal agus i dtaca le bonneagar agus seirbhísí a sholáthar, a chabhraíonn maidir le Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe a fhorbairt do Chill Chuillinn.

### V2 2.7.15 Gluaiseacht agus Iompar

Is cuspóir de chuid na Comhairle é;

**ST KL61** Tograí a fhorbairt lena gcuirtear modhanna siúil agus rothaíochta i gCill Chuillinn chun cinn trí tuilleadh leanúnachais a chinntiú leis na bearta ábhartha a gcuimsítear i Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 (nó arna leasú) le linn shaolré an phlean seo.

**ST KL62** Monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseachtaí tráchta laistigh den bhaile agus bearta maolaithe tráchta neamhghníomhacha a sholáthar ag suíomhanna iomchuí de réir mar a éilítear.

**ST KL63** Cothabháil rialta ar rotharbhealaí agus ar bhealaí siúil a chinntiú agus a chinntiú go ndeartar gach bóthar nua i bhforbairtí i gcomhréir leis na prionsabail, na cur chuige agus na caighdeáin a gcuimsítear sa Lámhleabhar Dearaidh le haghaidh Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha 2013 agus an Lámhleabhar Dearaidh Rothaíochta 2023 (CDM).

**ST KL64** Líonra rotharbhealaí a fhorbairt ar fud an bhaile trí staidéar ar an líonra rothaíochta a chur i gcrích, lena ndéantar iarracht páirceáil carranna ar an sráid a bhaint agus rotharbhealaí iomchuí a chinntiú.

**ST KL65** Líonra cosán a sholáthar trí feabhas a chur ar áiseanna coisithe trí cosáin a athchóiriú, cosáin nua a thógáil agus áiseanna trasnaithe a sholáthar de réir mar a éilítear.

**ST KL66** Go gcinntítear go dtugtar achoimre ar naisc atá ann cheana agus naisc amach anseo féideartha le naisc coisithe/rothaíochta i dtograí leagan amach suímh le haghaidh forbairtí nua agus go gcuirtear feabhas ar thréscaoilteacht idir forbairtí atá ann cheana agus cinn atá beartaithe lena n-áirítear forbairtí in aice láimhe i gcaoi ina n-éascaítear coincheap na 'Lonnaíochta 10 - nóiméad'.

**ST KL67** Polasaithe agus cuspóirí ón doiciméid 'Treoirlínte Tréscaoilteachta - Ár bPobal a Athnascadh' a glacadh le déanaí a chur i bhfeidhm.

**ST KL68** Iniúchadh caighdeáin a chur i gcrích ar an mbonneagar coisithe agus rothaíochta atá ann cheana laistigh de Chill Chuillinn chun laghdú i páirceáil ar an sráid, rochtain uilíoch agus bonneagar a dearadh i gcomhréir leis na prionsabail, na cur chuige agus na caighdeáin a gcuimsítear sa Lámhleabhar Dearaidh le haghaidh Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha, an Lámhleabhar Dearaidh Rothaíochta NTA agus caighdeáin ábhartha eile a chinntiú.

**ST KL69** Go gcinntítear go n-éascaíonn, go gcumasaíonn agus go spreagann dearadh agus leagan amach na bhforbairtí nua úsáid a bhaint as modhanna taistil inbhuanaithe.

**ST KL70** Pleananna Bainistithe Tráchta a ullmhú le haghaidh forbairtí nua agus iarracht a dhéanamh[5] bearta tréscaoilteachta scagtha a shainaithint lena n-airítear criosaithe[6] agus comharsanachta ina bhfuil leibhéal íseal tráchta[7], lena laghdófaí astaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena gcuirfí slí maireachtála níos inbhuanaithe agus níos nasctha chun cinn.

**ST KL71** Scéim bearta tráchta a chur i bhfeidhm ar Bhóthar an Náis R448, lena n-áirítear na carrbhealaí a chúngú, lena laghdaítear luais feithicle ar an mbealach isteach go dtí an mbaile ó Nás.
**ST KL72** Go gcinntítear go gcosnófar feidhm straitéiseach an M9 agus acomhal uimhir a. 2 lena mbaineann trí pholasaí náisiúnta mar a leagtar amach é sna treoirlínte Pleanála Spásúla agus Bóithre Náisiúnta le haghaidh Údaráis Phleanála (2012) a chomhlíonadh.

**ST KL73** Bearta cosán agus maolaithe tráchta a chur i bhfeidhm in eastáit tithíochta laistigh den bhaile, nuair is féidir.

**ST KL74** Naisc choisithe agus nascacht idir na ceantair éagsúla den bhaile atá ann cheana a choimeád agus feabhas a chur orthu.

---

[5] Is coincheap pleanála uirbeach é tréscaoilteacht scagtha lena “scagtar amach” trácht a bhaineann le carranna ag teacht tríd chun timpeallachta níos tarraingteacha a chruthú le haghaidh siúil agus rothaíochta, agus rochtain le haghaidh cónaitheoirí, seachadtaí nó cásanna éigeandála á gcaomhnú (Treoir i dtaca le Pleanáil Rothaíochta Imeasctha 2021-2027, an tAontas Eorpach)
[6] Is é atá i gceist le crios baile sráid nó grúpa sráideanna a ndeartar chun freastal ar riachtanais na gcoisithe, na rothaithe, na leanaí agus na gcónaitheoirí agus ina laghdaítear fhorlámhais an chairr.
[7] Comhdhéantar comharsanachta ina mbíonn leibhéal tráchta íseal de ghrúpaí de sráideanna cónaithe, a bhfuil bóithre dáileora thart timpeall orthu, áit a gcuirtear i gcoinne trácht feithicle mótair "ag teacht tríd" nó ina mbaintear go hiomlán é.

**ST KL75** Soilsiú agus áiseanna poiblí iomchuí a sholáthar do dhaoine atá faoi mhíchumas ar fud an líonra cosáin.

**ST KL76** Cosáin / rotharbhealaí agus soilsiú poiblí a sholáthar ag na suíomhanna seo a leanas.
(a) Ar Bhóthar an Náis R448 ó lár an bhaile go Páirc Ghnó Link.
(b) Ar Bhóthar Chnoc na Gréine L6081.
(c) Ar an R448, lena nasctar Cill Chuillinn le Sean-Chloigtheach Chill Chuillinn.

**ST KL77** Iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach atá ag teastáil le haghaidh bóthar maolaithe soir ón bhaile ó Bhóthar an Náis R448 go Bóthar Bhaile Átha Í R448, mar a léirítear go táscach ar an Léarscáil Ghluaisteachta.

**(i)** Iniúchadh a dhéanamh ar roghanna bealaigh le haghaidh bóthar dá leithéid agus iniúchadh a dhéanamh ar an indéantacht a bhaineann lena sholáthar ag féachaint do cheisteanna timpeallachta, seandálaíochta agus caomhnaithe, agus an indéantacht a bhaineann le trasbhealach a thógáil ar abhainn na Life.

**(ii)** An rogha bhealaigh a chaomhnú saor ó fhorbairt.

**(iii)** Tógáil an bhóthair seo a lorg, lena n-áirítear trasbhealach nua d'abhann na Life agus acomhal nua leis an L6074 Bóthar Bhaile an Loig.

**ST KL78** Tógáil na nglasbhealach agus na sráideanna seo a leanas a lorg mar a shainaithnítear iad ar an Léarscáil Gluaiseachta agus bealaí na nglasbhealach agus na sráideanna seo a chaomhnú a chaomhnú saor ó fhorbairt:
(a) Ón R448 ag (Campas Gnó Chill Chuillinn) (i) go dtí an R448 ag Droichead na Life (Camchoill) (iii) lena n-áirítear acomhal nua leis an R413 ag slí isteach an ionaid phobail (ii).
(b) Ón R448 ar an bPríomhshráid (iv) go dtí an sráid rochtana atá ann cheana in Riversdale Manor (v).

**ST KL79** Oibreacha feabhsúcháin a chur i gcrích ar na bóithre agus na sráideanna seo a sainaithníodh le haghaidh nuashonruithe bóithre agus sráide ar an Léarscáil Ghluaisteachta i gcomhréir leis na prionsabail agus na caighdeáin den Lámhleabhar Dearaidh le haghaidh Bóithre agus Droichid Uirbeacha.

**ST KL80** An líonra bóithre a athailíniú, a leathnú agus / nó feabhas a chur air de réir mar is gá ag na suíomhanna seo a leanas:
(a) An R413 Bóthar Dhroichead Nua ós comhair Ghraífheirm Chaisleán Mháirtín.
(b) An lúb ar an L6074 Bóthar Bhaile an Loig.
(c) Codanna de Bhóthar na Mainistreach Nua R413.
(d) Codanna de Bhóthar Luí na Gréine L6081.

**ST KL81** Feabhsúcháin sábháilteachta / acmhainneachta a chur i bhfeidhm de réir mar is gá ag na suíomhanna seo a leanas:
(a) Acomhal an R448 agus R413.
(b) Acomhal an R448 agus Riverside Manor.

**ST KL82** Oibreacha feabhsúcháin a chur i bhfeidhm ag an acomhal idir an R448 agus an M9.

**ST KL83** Suíomh iomchuí a shainaithint chun pointe tiontaithe a éascú sa bhaile ar féidir tacú le soláthróirí Naisc Áitiúil agus seirbhíse iompair phoiblí atá ann cheana.

**ST KL84** Machnamh a dhéanamh ar réitigh páirceála mhalartacha i lár an bhaile agus iniúchadh a dhéanamh ar an indéantacht a bhaineann le tograí dá leithéid le straitéis páirceála a ullmhú don bhaile.

## Aguisín A – Léarscáileanna Cuspóirí i dtaca le hÚsáid Talún

| | |
|---|---|
| **Cill Chuillinn** | V2A-1 (don léarscáil chriosaithe úsáide talún) |
| | V2A-2 (do léarscáil láir an bhaile agus cuspóirí) |
| | V2A-3 (don léarscáil ghluaisteachta) |
| | V2A-4 (don léarscáil riosca tuilte) |
| | V2A-5 (don léarscáil bhonneagair ghlais) |
| | V2A-6 (don léarscáil oidhreachta) |